Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2022**
**(OR. fr, en)**

**9738/22**

**ECOFIN 538**
**UEM 141**
**SOC 328**
**EMPL 214**
**COMPET 429**
**ENV 527**
**EDUC 204**
**RECH 322**
**ENER 241**
**JAI 793**
**GENDER 78**
**ANTIDISCRIM 58**
**JEUN 88**
**SAN 332**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9401/22 - COM(2022) 603 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na Bulgáire agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú 2022 de chuid na Bulgáire |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle, bunaithe ar thogra COM (2022) 603 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta Athchóirithe na Bulgáire in 2022 agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár 2022 na Bulgáire um Chóineasú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

---

1 IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ar athchóirithe agus infheistíocht í a mhaoiníonn an tAontas ó thaobh buiséid de. Cuireann sé leis an téarnamh eacnamaíoch agus le cur chun feidhme athchóirithe inbhuanaithe a chuireann leis an bhfás agus le hinfheistíocht, go háirithe chun na haistrithe glasa agus digiteacha a chur chun cinn, agus athléimneacht agus fás ionchasach gheilleagair na mBallstát a neartú ag an am céanna. Cuidíonn sé freisin le hairgeadais phoiblí inbhuanaithe a neartú agus le borradh a chur faoi fhás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Tabharfar an ranníocaíocht uasta airgeadais in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta cothrom le dáta i mí an Mheithimh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

---

2 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 24 Samhain 2021, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, rud a chur tús le Seimeastar Eorpach 2022 le haghaidh comhordú beartais eacnamaíoch. Thug sí aird chuí ar Ghealltanas Sóisialta Porto a síníodh an 7 Bealtaine 2021 chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 17 Samhain 2017 a chur chun feidhme a thuilleadh. D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bhliantúil ar Fhás Inbhuanaithe 2022 an 25 Márta 2022. An 24 Samhain 2021, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], ghlac an Coimisiún freisin an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, ar tuarascáil í nár sainaithníodh an Bhulgáir inti mar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ar an dáta céanna, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach 2022 ar Fhostaíocht lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 14 Márta 2022.

3 Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

(3) Le hionradh na Rúise ar an Úcráin, i ndiaidh na paindéime domhanda, tá athrú suntasach tagtha ar an gcomhthéacs geopholaitiúil agus eacnamaíoch. Tá tionchar an ionraidh ar gheilleagair na mBallstát le sonrú, *inter alia*, trí phraghsanna fuinnimh, bia agus amhábhair níos airde, agus trí ionchais fáis níos laige. Luíonn na praghsanna fuinnimh go trom, go háirithe, ar na teaghlaigh is leochailí a bhfuil cónaí orthu i mbochtaineacht fuinnimh nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh, chomh maith leis na gnólachtaí is leochailí ó thaobh praghsanna fuinnimh de. Tá rabharta isteach na ndaoine atá ag teitheadh ón Úcráin gan fasach le feiceáil san Aontas freisin. Bhí tionchar neamhshiméadrach ag na héifeachtaí eacnamaíocha, a d'eascair as cogadh foghach na Rúise, ar na Ballstáit. Sa chomhthéacs sin, an 4 Márta 2022, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle[4], cuireadh Treoir 2001/55/CE ón gComhairle[5] i ngníomh den chéad uair, lena dtugtar an ceart chun fanacht go dleathach san Aontas do dhaoine easáitithe ón Úcráin, chomh maith le rochtain ar oideachas agus oiliúint, ar mhargadh an tsaothair, ar chúram sláinte, ar thithíocht agus ar leas sóisialta. Cuirtear tacaíocht eisceachtúil ar fáil don Bhulgáir faoin tionscnamh maidir le Gníomhaíocht um Dhídeanaithe san Eoraip (CARE) agus trí réamh-mhaoiniú breise faoin gclár um Chúnamh Aisghabhála don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU) chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar riachtanais ghlactha agus lánpháirtíochta dóibh siúd atá ar a dteitheadh ón Úcráin.

4 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1).

5 Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

(4) Agus an staid eacnamaíoch agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa á cur san áireamh, athbhunaíonn an Seimeastar Eorpach an comhordú leathan a dhéantar ar a bheartas eacnamaíoch agus fostaíochta in 2022, agus forbraítear é ag an am céanna i gcomhréir le ceanglais chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta mar a leagtar amach iad sa Suirbhé Bliantúil Fáis Inbhuanaithe 2022. Tá cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a glacadh ríthábhachtach chun cuspóirí comhordaithe an bheartais eacnamaíoch faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é go dtugtar aghaidh sna pleananna ar fhothacar suntasach ar a laghad de na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh i dtimthriallta Sheimeastar Eorpach 2019 agus 2020. Tá moltaí tírshonracha 2019 agus 2020 fós chomh ábhartha céanna maidir leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241, sa bhreis ar aon mholtaí tírshonracha eile arna n-eisiúint suas go dtí pleananna téarnaimh agus athléimneachta den sórt sin atá athbhreithnithe, nuashonraithe nó leasaithe.

(5) Tá clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis gníomhach ó Mhárta 2020. I dTeachtaireacht uaidh an 3 Márta 2021 dar teideal *One year since the outbreak of COVID-19* [aon bhliain amháin ó thosaigh COVID-19: freagairt an bheartais fhioscaigh], leag an Coimisiún amach a thuairim gur cheart an cinneadh maidir le clásal ginearálta éalaithe a dhíghníomhachtú nó a chur i bhfeidhm go leanúnach a dhéanamh mar mheasúnú foriomlán ar staid an gheilleagair, agus leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche san Aontas nó sa limistéar euro i gcomparáid leis an leibhéal réamh-ghéarchéime (deireadh 2019) mar phríomhchritéar cainníochtúil. Mar gheall ar éiginnteacht mhéadaithe agus rioscaí láidre taobh thiar den ionchas eacnamaíoch i gcomhthéacs an chogaidh san Eoraip, is gá clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a leathnú go gcuirfear síneadh le clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis le linn 2023.

(6) De réir an chur chuige atá sa Mholadh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021[6] ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú na Bulgáire in 2021, is fearr an staid fhioscach fhoriomlán a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh), ach caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais a áireamh, i gcoibhneas leis an bhfás féideartha meántéarmach[7]. Agus níos faide ná an staid fhioscach fhoriomlán, d'fhonn a mheas an bhfuil an beartas fioscach náisiúnta stuama agus an bhfuil a chomhdhéanamh fabhrach do théarnamh inbhuanaithe a bheidh comhsheasmhach leis na haistrithe glasa agus digiteacha, tabharfar aird freisin ar an éabhlóid ar phríomhchaiteachas reatha[8] arna maoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus ar an infheistíocht.

---

**6** Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár 2021 um Chóineasú na Bulgáire (IO C 304, 29.7.2021, lch. 6).

**7** Is meastacháin ón gCoimisiún iad na meastacháin ar an staid fhioscach agus a chomhpháirteanna sa Mholadh seo bunaithe ar na toimhdí is bunús le réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiúin. Sna meastacháin ón gCoimisiún ar fhás ionchasach meántéarmach, ní áirítear tionchar dearfach na n-athchóirithe atá mar chuid den phlean don téarnamh agus don athléimneacht agus lena bhféadfar borradh a chur faoin bhfás a d'fhéadfadh a bheith ann.

**8** Ní mhaoinítear iad le deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ná le cistí eile de chuid an Aontais.

(7) An 2 Márta 2022, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoir leathan ar fáil maidir le beartas fioscach in 2023 ('an treoir fhioscach') a raibh sé mar aidhm léi tacú le hullmhú Chláir na mBallstát um Chobhsaíocht agus um Chóineasú agus comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún dá aire, go mbeadh sé iomchuí in 2023, ar bhonn an ionchas maicreacnamaíoch a bhí ann i réamhaisnéis gheimhridh 2022, aistriú ó sheasamh fioscach comhiomláin tacaíochta in 2020–2022 go staid chomhiomlán fhioscach a bheadh neodrach tríd is tríd, agus go bhfuil sé réidh chun freagairt don staid eacnamaíoch atá ag teacht chun cinn. D'fhógair an Coimisiún gur cheart leanúint de dhifreáil a dhéanamh idir na moltaí fioscacha do 2023 idir na Ballstáit agus iarmhairtí trastíortha a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit an treoir ina gCláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú a léiriú. Gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé dlúthfhaireachán ar na forbairtí eacnamaíocha agus go n-athróidh sé a threoir beartais de réir mar is gá agus ar a dhéanaí ina phacáiste earraigh den Seimeastar Eorpach a bheidh ann ag deireadh mhí na Bealtaine 2022.

(8) Maidir leis an treoir fhioscach, cuirtear san áireamh sna moltaí fioscacha do 2023 an t-ionchas eacnamaíoch atá ag dul in olcas, an éiginnteacht mhéadaithe agus rioscaí níos ísle, agus an boilsciú níos airde i gcomparáid le réamhaisnéis gheimhridh 2022 ón gCoimisiún. I bhfianaise na mbreithnithe sin, ní mór don fhreagairt fhioscach infheistíocht phoiblí a leathnú i gcomhair na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus na slándála fuinnimh, agus cumhacht ceannaigh na dteaghlach is leochailí a choimeád ar bun chun tionchar na dteithe praghsanna fuinnimh a mhaolú agus chun an brú boilscithe a theorannú ón dara babhta trí bhearta spriocdhírithe agus sealadacha. Ní mór don bheartas fioscach leanúint de bheith ag dul in oiriúint do na cúinsí atá ag athrú go tapa, lena n-áirítear dúshláin a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine i ndáil le cosaint agus slándáil, agus ní mór dó idirdhealú a dhéanamh idir na Ballstáit de réir a staide fioscaí agus eacnamaíche, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena nochtadh don ghéarchéim agus le rabhartaí daoine easáitithe ón Úcráin.

(9) An 15 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Bhulgáir a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 4 Bealtaine 2022, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh na Bulgáire[9]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, ina luaitear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an mBulgáir. Glactar leis le comhlíonadh sásúil nach ndearnadh gnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna roimhe sin a aisiompú.

(10) An 29 Aibreán 2022, thíolaic an Bhulgáir a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2022 agus a Clár um Chóineasú 2022, i gcomhréir leis an spriocdháta a bunaíodh in Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile chun a n-idirnascadh a chur san áireamh.

(11) D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2022 don Bhulgáir an 23 Bealtaine 2022. Rinne sí measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag an mBulgáir maidir le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle in 2019, in 2020 agus in 2021, agus rinne sí measúnú ar a plean téarnaimh agus athléimneachta, ag cur leis an scórchlár don téarnamh agus don athléimneacht. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí i ndáil leis na dúshláin sin nach dtugtar aghaidh orthu, nó nach dtugtar aghaidh orthu ach i bpáirt, leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear na dúshláin sin a eascraíonn as ionradh na Rúise ar an Úcráin. Rinne sí measúnú freisin ar dhul chun cinn na Bulgáire maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ar phríomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, laghdú scileanna agus laghdú bochtaineachta a bhaint amach, chomh maith le dul chun cinn maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

---

**9** 8091/2022; 8091/2022 ADD 1.

(12) An 23 Bealtaine 2022, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Pléadh staid bhuiséadach na Bulgáire sa tuarascáil sin, ós rud é gur sháraigh a heasnamh ginearálta rialtais in 2021 luach tagartha an Chonartha, arb é 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI) é. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár comhlíonadh critéar an easnaimh. I gcomhréir le teachtaireacht an 2 Márta 2022, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua maidir le heasnamh iomarcach a oscailt in earrach na bliana 2022 agus déanfaidh sé athmheasúnú ar cibé acu an mbeidh sé riachtanach nó nach mbeidh a mholadh go gcuirfí tús le nósanna imeachta den sórt sin i bhfómhar 2022.

(13) I Moladh uaithi an 20 Iúil 2020[10], mhol an Chomhairle don Bhulgáir na bearta uile is gá a dhéanamh in 2020 agus 2021, i gcomhréir leis an gclásal éalaithe ginearálta, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar phaindéim COVID-19, chun an geilleagar a chothú agus chun tacú leis an téarnamh ina dhiaidh sin. Mhol sí freisin go saothródh an Bhulgáir, nuair is féidir sin le dálaí eacnamaíocha, beartais fhioscacha atá dírithe ar riochtaí fioscacha meántéarmacha stuama a bhaint amach agus ar inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, agus an infheistíocht a fheabhsú ag an am céanna. In 2021, de réir na sonraí a bhailíochtaigh Eurostat, tháinig méadú ar easnamh ginearálta rialtas na Bulgáire ó 4,0 % de OTI in 2020 go 4,1 %. Thacaigh freagairt an bheartais fhioscaigh ón mBulgáir leis an téarnamh eacnamaíoch in 2021, agus tháinig méadú ar bhearta sealadacha éigeandála ó 2,9 % de OTI in 2020 go 4,3 % in 2021. Bhí na bearta a ghlac an Bhulgáir in 2021 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 20 Iúil 2020. Den chuid is mó, bhí na bearta buiséadacha lánroghnacha a ghlac an rialtas in 2020 agus 2021 sealadach nó comhoiriúnaithe le bearta fritháirimh. De réir na sonraí a bhailíochtaigh Eurostat, tháinig méadú ar fhiachas ginearálta an rialtais ó 24,7 % de OTI in 2020 go 25,1 % de OTI in 2021.

---

**10** Moladh ón gComhairle an 20 Iúil 2020 maidir le Clár Náisiúnta 2020 na Bulgáire um Athchóiriú agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár 2020 na Bulgáire um Chóineasú (IO C 282, 26.8.2020, lch. 8).

(14) Tá an cás maicreacnamaíoch atá mar bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha atá sa Chlár 2022 um Chóineasú fabhrach in 2022 agus réadúil ina dhiaidh sin. Tá sé tuartha ag an rialtas go méadóidh fíor-OTI faoi 2,6 % in 2022 agus 2,8 % in 2023. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún go mbeidh fás iarbhír OTI níos ísle de 2,1 % in 2022 agus fás 3,1 % de OTI níos airde in 2023, de bharr réamh-mheastacháin éagsúla fáis fostaíochta agus infheistíochta den chuid is mó. Ina Chlár 2022 um Chóineasú, tá coinne ag an rialtas go n-ardóidh an t-easnamh ceannlíne go 5,3 % de OTI in 2022 agus go dtitfidh sé go 2,9 % in 2023. Leis an méadú ar an easnamh in 2022, arna mhaolú trí dheireadh a chur de réir a chéile le cuid de bhearta éigeandála COVID, léirítear, den chuid is mó, ardú géar ar thomhaltas idirmheánach, ar thacaíocht ghnó agus ar bhearta fuinnimh, chomh maith le leasuithe ar chórais pinsean. De réir Chlár 2022 um Chóineasú, meastar go méadóidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI go 25,5 % in 2022, agus go 27,7 % in 2023. Bunaithe ar bhearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún easnamh rialtais de 3,7 % de OTI agus 2,4 % faoi seach do 2022 agus 2023. Tá sé sin i bhfad níos ísle ná easnamh 2022 atá tuartha i gClár 2022 um Chóineasú, go príomha mar gheall ar réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha éagsúla, fás idirmheánach níos ísle ar thomhaltas, agus ioncam níos airde ó chánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí in 2022. I réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtas le OTI níos ísle, 25,3 % in 2022 agus 25,6 % in 2023. Is iad na heasnaimh níos ísle sa dá bhliain agus fás eacnamaíoch réamh-mheasta níos airde in 2023 is cúis leis an difríocht sin. De réir réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, is é 1,8 % an fás aschuir féideartha measta sa mheántéarma (meán 10 mbliana). Mar sin féin, ní áirítear sa mheastachán sin tionchar na n-athchóirithe atá mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta agus lena bhféadfar borradh a chur faoi fhás ionchasach na Bulgáire.

(15) In 2022, chuir an rialtas deireadh le formhór na mbeart a glacadh mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, sa chaoi is go meastar go laghdóidh na bearta sealadacha éigeandála ó 4,3 % de OTI in 2021 go 1,8 % in 2022. Tá tionchar ag na bearta a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a chomhrac ar an easnamh rialtais, a mheastar a bheith cothrom le 0,9 % de OTI in 2022 agus cothrom le 0,0 % de OTI in 2023 i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún.[11] Is éard atá sna bearta sin den chuid is mó cláir thacaíochta d’fhóntais phoiblí, d’úsáideoirí deiridh tionsclaíocha leictreachais agus do thomhaltóirí gáis tí. Fógraíodh na bearta sin mar bhearta sealadacha den chuid is mó. Mar sin féin, i gcás ina bhfanfaidh praghsanna fuinnimh ag leibhéal ardaithe in 2023, d’fhéadfaí leanúint le cuid de na bearta sin. Níl roinnt de na bearta sin spriocdhírithe, go háirithe an moratóir ar phraghsanna fuinnimh do theaghlaigh. Tá tionchar ag na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin ar an easnamh rialtais freisin, rud a thuartar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún ag 0,1 % de OTI in 2022 agus 0,2 % in 2023[12].

**11** Is ionann na figiúirí agus leibhéal chostais bhuiséadacha bhliantúla na mbeart sin a rinneadh ó fhómhar 2021, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le – i gcás inarb ábhartha – bearta caiteachais chaipitil.

**12** Glactar leis go mbeidh líon iomlán na ndaoine easáitithe ón Úcráin go dtí an tAontas Eorpach chomh hard le 6 mhilliún duine de réir a chéile faoi dheireadh 2022, agus meastar a ndáileadh geografach bunaithe ar mhéid an diaspóra atá ann cheana, ar dhaonra coibhneasta an Bhallstáit ghlactha, agus ar dháileadh iarbhír na ndaoine easáitithe ón Úcráin ar fud an Aontais ó mhí an Mhárta 2022. I gcás costais bhuiséadacha in aghaidh an duine, tá meastacháin bunaithe ar shamhail mhicreashamhlú Euromod Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin, agus an dá aistriú airgid á gcur san áireamh d’fhéadfadh daoine a bheith incháilithe do shochair chomhchineáil, amhail oideachas agus cúram sláinte.

(16) Ina Moladh an 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle go saothródh an Bhulgáir seasamh fioscach tacúil in 2022, lena n-áirítear ón spreagadh a cuireadh ar fáil leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus go gcaomhnódh sí infheistíocht arna mhaoiniú go náisiúnta. Mhol an Chomhairle freisin don Bhulgáir an fás ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta a choinneáil faoi smacht. Mhol sí freisin go saothródh an Bhulgáir, nuair a bheidh na dálaí eacnamaíocha cearta ann, beartas fioscach arb é is aidhm dó seasaimh fhioscacha mheántéarmacha stuama a bhaint amach agus an inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú sa mheántéarma, agus, ag an am céanna, feabhas a chur ar an infheistíocht chun borradh a chur faoin acmhainneacht fáis.

(17) In 2022, bunaithe ar réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún agus lena n-áirítear an fhaisnéis a ionchorpraítear i gClár 2022 na Bulgáire um Chóineasú, meastar go mbeidh an seasamh fioscach tacúil ag -3,4 % de OTI, mar a mhol an Chomhairle[13]. Tá sé beartaithe ag an mBulgáir tacaíocht leanúnach a thabhairt don téarnamh trí leas a bhaint as an tSaoráid um Théarnamh agus Athléimneacht chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú mar a mhol an Chomhairle. Meastar go méadófar le 1,1 pointe céatadáin OTI i gcomparáid le 2021 an ranníocaíocht dhearfach le gníomhaíocht eacnamaíoch de chaiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais. Tuartar go gcuirfidh infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta ranníocaíocht mhéadaitheach ar fáil don staid fhioscach de 1,1 pointe céatadáin de OTI in 2022[14]. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an mBulgáir infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú, mar a mhol an Chomhairle. Ag an am céanna, meastar go soláthróidh an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) in 2022 ranníocaíocht fhorleathnaithe dar méid 1.4 pointe céatadáin don seasamh fioscach foriomlán. Áirítear ar an rannchuidiú suntasach leathnaithe sin tionchar breise na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh (0,2 pointe céatadáin de OTI) chomh maith leis na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0,1 pointe céatadáin de OTI), fad a mheastar go rannchuideoidh leasuithe ar chórais pinsean (0,6 % de OTI) agus méaduithe pá (0,3 % de OTI) leis an bhfás sa ghlanchaiteachas reatha. Dá bhrí sin, ar bhonn meastacháin reatha an Choimisiúin, ní leor an smacht a bhí ag an mBulgáir ar fhás an chaiteachais reatha arna mhaoiniú go náisiúnta in 2022.

---

13 Freagraíonn comhartha diúltach den táscaire do bharrachas fáis ar chaiteachas príomhúil i gcomparáid le fás eacnamaíoch meántéarmach, lena léirítear beartas fioscach forleathnaitheach.

14 Réamh-mheastar go soláthróidh caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta ranníocaíocht chrapthach dar méid 0,1 pointe céatadáin de OTI.

(18) In 2023, tuartar go mbeidh an seasamh fioscach i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún dar méid -1,3 % de OTI ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann[15]. Meastar go leanfaidh an Bhulgáir d'úsáid a bhaint as na deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2023 chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú chun tacú leis an téarnamh. Meastar go méadófar le 0,7 pointe céatadáin OTI i gcomparáid le 2022 an ranníocaíocht dhearfach le gníomhaíocht eacnamaíoch de chaiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais. Réamh-mheastar go soláthróidh infheistíocht atá maoinithe go náisiúnta ranníocaíocht mhéadaitheach de 0,2 pointe céatadáin in 2023[16]. Ag an am céanna, meastar go soláthróidh an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) in 2023 ranníocaíocht fhorleathnaithe dar méid 0.5 pointe céatadáin don seasamh fioscach foriomlán. Áirítear leis sin an tionchar ó dheireadh a chur de réir a chéile leis na bearta lena dtugtar aghaidh ar phraghsanna méadaithe fuinnimh (0,9 % de OTI), agus meastar go gcuirfidh aistrithe sóisialta méadaithe agus méaduithe pá leis an bhfás ar ghlanchaiteachas reatha.

(19) I gClár 2022 um Chóineasú, meastar go laghdóidh easnamh ginearálta an rialtais de réir a chéile go 2,8 % de OTI in 2024 agus go 2,4 % faoi 2025. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go bhfanfaidh easnamh ginearálta an rialtais faoi bhun 3 % de OTI thar thréimhse an chláir. Leis na réamh-mheastacháin sin, glactar le méaduithe ar ioncam ó chánacha díreacha agus ó ranníocaíochtaí sóisialta a bhuí le hioncam teaghlaigh níos airde agus aistrithe caipitil níos airde a bhuí leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. De réir Chlár 2022 um Chóineasú, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI faoi 2025, go sonrach le méadú go 29,1 % in 2024, agus ardú go 30,4 % in 2025. De réir anailís an Choimisiúin, is cosúil gur meánrioscaí iad na rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma.

---

**15** Freagraíonn comhartha diúltach den táscaire do bharrachas fáis ar chaiteachas príomhúil i gcomparáid le fás eacnamaíoch meántéarmach, lena léirítear beartas fioscach forleathnaitheach.

**16** Tuartar go soláthróidh caiteachas caipitil eile atá maoinithe go náisiúnta ranníocaíocht neodrach 0.0 pointe céatadáin de OTI.

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sraith fhairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a bhfuil amchlár táscach ag gabháil leo maidir lena gcur chun feidhme a bheidh le tabhairt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026. Cuidíonn siad sin le dul i ngleic leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó le fothacar suntasach de na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a chuir an Chomhairle faoi bhráid na Bulgáire sa Seimeastar Eorpach in 2019 agus 2020, chomh maith le haon mholtaí tírshonracha a eisíodh go dtí an dáta a ghlacfar plean téarnaimh agus athléimneachta. Go háirithe, leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tugtar aghaidh ar na moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith sa réimse sóisialta agus tá bearta ann chun cuimsiú sóisialta a fheabhsú, lena meastar go gcuirfear feabhas ar leordhóthanacht agus ar chumhdach na scéime ioncaim íosta, agus le bearta chun comhtháthú na seirbhísí fostaíochta agus sóisialta a chur ar aghaidh. Díríonn bearta eile lena dtugtar aghaidh ar na moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith ar shealbhú scileanna, go háirithe scileanna digiteacha, ar fheabhas a chur ar ábharthacht na gcóras oideachais agus na gcóras foghlama ar feadh an tsaoil i margadh an tsaothair agus ar thairiscint seirbhísí cúraim sláinte a leathnú ar fud na Bulgáire. Is féidir leis na bearta sin cabhrú chun na cuspóirí a bhaint amach agus dul chun cinn breise a dhéanamh maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a phlean gníomhaíochta faoi 2030. Ina theannta sin, leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tugtar aghaidh ar mholtaí a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith trí dhícharbónú na hearnála fuinnimh a chur chun cinn, trí éifeachtúlacht fuinnimh fhoriomlán a mhéadú agus trí bhearta cur chun feidhme maidir le hiompar inbhuanaithe mar aon le bonneagar digiteach agus seirbhísí digiteacha a mhéadú. Ina theannta sin, tá bearta forleathana sa phlean chun éifeachtúlacht an chórais riaracháin phoiblí agus an chórais cheartais phoiblí a fheabhsú, éilliú a chosc, a bhrath agus a cheartú, an timpeallacht ghnó a fheabhsú, infheistíocht a chothú agus an córas taighde agus nuálaíochta a fheabhsú. Rannchuideoidh sé sin freisin le tacú leis an mBulgáir aghaidh á tabhairt aici ar na hábhair imní agus ar na barúlacha faoi Shásra an Smachta Reachta.

(21) Tá coinne leis go gcuideoidh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na haistrithe glasa agus digiteacha. Is ionann bearta chun tacú le cuspóirí aeráide sa Bhulgáir agus 58,9 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta, agus is ionann bearta lena dtacaítear le cuspóirí digiteacha agus 25,8 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Cur chun feidhme iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, sin rud a chuideoidh leis an mBulgáir téarnamh go tapa ó iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 agus a hathléimneacht á neartú san am céanna. Ag an am céanna, cuideofar le tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh réamh-mheasta a mhaolú le tuilleadh iarrachtaí chun leas iomlán a bhaint as seirbhísí poiblí fostaíochta agus chun tacaíocht chomhtháite fostaíochta agus shóisialta a chur ar fáil agus tacófar le haistrithe cothroma glasa agus digiteacha. Tá rannpháirtíocht chórasach na gcomhpháirtithe sóisialta agus na ngeallsealbhóirí ábhartha eile tábhachtach i gcónaí chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, chomh maith le beartais eacnamaíocha agus fostaíochta eile a théann níos faide ná an plean téarnaimh agus athléimneachta, chun a áirithiú go mbeidh úinéireacht leathan ar an gclár oibre foriomlán beartais.

(22) An 11 Bealtaine 2022, thíolaic an Bhulgáir an Comhaontú Comhpháirtíochta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], ach níor tíolacadh go fóill na cláir bheartais chomhtháthaithe eile. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1060, tá an Bhulgáir leis na moltaí tírshonracha ábhartha a chur san áireamh i gclársceidealú chistí an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh 2021–2027. Is réamhriachtanas é sin chun éifeachtacht na tacaíochta airgeadais atá le fáil ó chistí an bheartais chomhtháthaithe a fheabhsú agus chun uasmhéadú a dhéanamh ar bhreisluach na tacaíochta sin, agus comhordú, comhlántacht agus comhleanúnachas idir cistí an bheartais chomhtháthaithe sin agus ionstraimí agus cistí eile de chuid an Aontais á gcur chun cinn ag an am céanna. Tá cur chun feidhme rathúil na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus cláir beartais chomhtháthaithe ag brath freisin ar dheireadh a chur le bacainní ar infheistíocht chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha agus le forbairt chríochach chothrom.

(23) Mar fhreagairt ar an sainordú ó Cheannairí Stáit nó Rialtais an Aontais a leagtar amach i nDearbhú Versailles, tá sé mar aidhm ag an togra ón gCoimisiún le haghaidh plean REPowerEU deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairiú breosla iontaise ón Rúis a luaithe is féidir. Chun na críche sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na tionscadail, na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe is oiriúnaí ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais a shainaithint i gcomhphlé leis na Ballstáit. I gcomhthéacs na géarchéime fuinnimh agus i gcomhréir leis an sainordú a thug an Chomhairle Eorpach i mí an Mhárta 2022, bhunaigh an Coimisiún agus na Ballstáit Ardán an Aontais um Fhuinneamh chun gás, GNL agus hidrigin a cheannach go deonach i gcomhar le chéile. Is é is aidhm do na bearta sin an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus allmhairí breosla iontaise a aistriú ón Rúis.

---

**17** Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

(24) Is sa Bhulgáir atá an geilleagar is déine ó thaobh carbóin de san Aontas, agus déine na ngás ceaptha teasa níos mó ná ceithre huaire níos airde ná meán an Aontais. Is é 61,5 % an sciar reatha de bhreoslaí iontaise i meascán fuinnimh na Bulgáire, agus sciar 24 % den fhuinneamh núicléach agus fuinneamh inathnuaite 14,5 % (níos ísle ná meán fuinnimh inathnuaite an Aontais de 19 %). Bhí an tír ag brath go mór ar an Rúis le haghaidh gáis nádúrtha go dtí mí Aibreáin 2022[18]. In 2020, allmhairíodh 75 % den ghás nádúrtha ón Rúis, méid a bhí os cionn mheán an Aontais de 43,2 %. Mar sin féin, ní raibh a sciar sa mheascán fuinnimh ach 13,9 %, níos ísle ná meán an Aontais de 24,4 %. Is í an tionsclaíocht an tomhaltóir gáis is mó i gcónaí, agus sciar 40 %, lena n-áirítear úsáidí neamhfhuinnimh san áireamh, agus tháinig laghdú ar sciar na hearnála cumhachta ó 2010 i leith, ó 30 % go 25 % in 2019. Braitheann téamh ceantair ar ghás nádúrtha le corrlach beag le haghaidh feabhsúcháin mar ní féidir foinsí eile a chur in ionad na gcóras téimh ceantair. Cé go ndéantar iniúchadh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta ar acmhainneacht an fhuinnimh gheoiteirmigh le haghaidh téimh, d'fhéadfaí infheistíocht bhreise a bheartú chun tacú le teaschaidéil ar mhórscála a shuiteáil. Clúdaítear giniúint cumhachta gualbhreoslaithe go hiomlán le táirgeadh intíre lignîte, agus allmhairíonn an Bhulgáir cainníochtaí teoranta guail ón Rúis lena n-úsáid go tionsclaíoch (0.56 milliún tonna, arb ionann é agus 85 % d'iomlán na n-allmhairí guail). Os a choinne sin, tá an Bhulgáir ag brath ar an Rúis as amhola (63 % dá hamhola a thagann ón Rúis[19], i bhfad níos airde ná meán an Aontais de 26 %) agus iompórtálann sí 22 % dá táirgí scagtha ola ón Rúis, méid atá faoi bhun 35 %, meán an Aontais. Ar an iomlán, b'ionann an sciar ola sa mheascán fuinnimh agus 23,9 % in 2020, sciar a bhí faoi bhun mheán an Aontais de 32,7 %. Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire Treochlár don neodracht aeráide a ghlacadh. Áirítear leis sin céimeanna chun deireadh a chur de réir a chéile le gual agus lignít faoi 2038 ar a dhéanaí mar aon le hinfheistíochtaí agus athchóirithe suntasacha chun dlús a chur le húsáid foinsí inathnuaite, agus beidh gá le hiarrachtaí breise chun na cuspóirí maidir leis an aeráid agus leis an aistriú fuinnimh a bhaint amach.

---

18 Ó mhí Aibreáin 2022 i leith, tar éis an tsoláthair gáis ó Gazprom a bheith curtha ar fionraí go haontaobhach, níl soláthairtí gáis á bhfáil ag an mBulgáir ón Rúis a thuilleadh.

19 Déantar tagairt do shonraí ó Eurostat 2019 maidir le sonraí iompórtála na Bulgáire. Níl sonraí iompórtála 2020 faisnéiseach, toisc go ndearnadh cáilíochtaí móra d'allmhairí amha a chatagóiriú ó chomhpháirtithe trádála 'neamhshonraithe'. Tagraíonn meán an Aontais do chion na n-allmhairí ón Rúis san iomlán allmhaire lasmuigh den AE27, i gcás amhola agus táirgí ola scagtha faoi seach.

Maidir le foinsí inathnuaite fuinnimh, tá gealltanas tugtha ag an mBulgáir 3 500 MW ar a laghad d'acmhainn nua ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh (ón ngaoth agus ón ngrian) a chur leis agus na dálaí teicniúla a chruthú chun 4 500 MW breise a chomhtháthú sa chóras leictreachais faoi 2026. Ina theannta sin, áirítear sa phlean athchóiriú chun deireadh a chur le príomhbhaic ar fhorbairt teicneolaíochtaí inathnuaite hidrigine agus slabhraí luacha, chomh maith le hinfheistíochtaí chun tacú le treoirthionscadail a fhorbairt chun hidrigin inathnuaite agus bithghás inbhuanaithe a tháirgeadh. Tá bearta beartaithe freisin chun cabhrú le teaghlaigh córais le haghaidh téimh gréine an uisce agus córais fhótavoltacha gréine a shuiteáil. Saineofar an bhochtaineacht fuinnimh sa phlean freisin. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh gá le méadú breise ar an uaillmhian maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun foinsí inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chun go mbeidh an Bhulgáir ag teacht leis na cuspóirí 'Oiriúnach do 55'.

(25) Ag an am céanna, tá sé beartaithe ag plean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire breis agus EUR 1 billiún d'infheistíochtaí i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh atá beartaithe do stoc foirgneamh poiblí agus príobháideach. Treisítear an méid sin le hathchóirithe chun dul i ngleic le bacainní ar infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus chun an t-ualach riaracháin a bhaineann leis an athchóiriú a laghdú. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an mBulgáir tomhaltas fuinnimh agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú tuilleadh chun a spriocanna a bhaint amach i gcomhréir lena straitéis fhadtéarmach chun an stoc foirgneamh a athchóiriú. D'fhéadfadh an ciste náisiúnta dícharbónaithe a bhunófar in 2023 tacú leis an mbeart sin. Ag an am céanna, ní mór don Bhulgáir idirnaisc fuinnimh ag a bhfuil acmhainneacht leordhóthanach a áirithiú, lena n-áirítear le tíortha comharsanachta. Trí infheistíochtaí leanúnacha a thabhairt chun críche, is féidir leis an mBulgáir leas a bhaint as buntáistí an mhargaidh aonair, slándáil an tsoláthair a áirithiú agus dlús a chur le héagsúlú na mbealaí gáis. Moltar bonneagar nua a bhaineann le gás a bheith slán i gcás inar féidir, d'fhonn a inbhuanaitheacht fhadtéarmach a éascú trí bhreoslaí inbhuanaithe a chur in ionad breoslaí inbhuanaithe amach anseo.

(26) Cé go mbeidh costais shuntasacha athstruchtúraithe i roinnt earnálacha mar thoradh ar an dlús atá curtha leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta agus ar shiúl ó bhreoslaí iontaise, is féidir leis an mBulgáir úsáid a bhaint as an Sásra um Aistriú Cóir i gcomhthéacs an bheartais chomhtháthaithe chun tionchar socheacnamaíoch an aistrithe a mhaolú sna réigiúin is mó atá buailte. Ina theannta sin, is féidir leis an mBulgáir leas a bhaint as Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20], chun deiseanna fostaíochta a fheabhsú agus comhtháthú sóisialta a neartú.

(27) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, scrúdaigh an Chomhairle Clár 2022 um Chóineasú agus léirítear a tuairim[21] i moladh (1).

(28) Ar an 10 Iúil 2020, áiríodh lev na Bulgáire i Meicníocht Eorpach an ráta malairte II (ERM II) mar chéim ullmhúcháin i dtreo an euro a ghlacadh. Chun cobhsaíocht eacnamaíoch agus airgeadais a chaomhnú agus chun ardleibhéal cóineasaithe eacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach, tá gealltanas tugtha ag údaráis na Bulgáire bearta beartais sonracha a chur chun feidhme maidir le hinbhuanaitheacht na hearnála airgeadais neamhbhaincéireachta a áirithiú agus maidir le rialachas na bhfiontar atá faoi úinéireacht an Stáit a neartú, chomh maith leis na creataí dócmhainneachta agus frithsciúrtha airgid. Déanfar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag an mBulgáir maidir leis na ceanglais riachtanacha chun an euro a ghlacadh a chomhlíonadh i dtuarascálacha 2022 um Chóineasú ón gCoimisiún Eorpach agus ón mBanc Ceannais Eorpach,

---

**20** Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21).

**21** Faoi Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

Ag MOLADH LEIS SEO go nglacfaidh an Bhulgáir gníomhaíocht in 2022 agus in 2023 chun:

1. In 2023, a áirithiú go mbeidh fás an phríomhchaiteachais reatha atá maoinithe go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh do theaghlaigh agus do ghnólachtaí is leochailí ó thaobh praghsanna fuinnimh de agus do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag teacht chun cinn. Infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus le haghaidh na slándála fuinnimh, lena gcuirtear san áireamh an tionscadal REPowerEU, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as cistí eile de chuid an Aontais. Le linn na tréimhse tar éis 2023, saothrófar beartas fioscach atá dírithe ar riochtaí fioscacha meántéarmacha stuama a bhaint amach.

2. Dul ar aghaidh le cur chun feidhme a phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na garspriocanna agus na spriocanna a áirítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022. Doiciméid chlársceidealaithe an bheartais chomhtháthaithe 2021–2027 a thíolacadh d'fhonn an chaibidlíocht leis an gCoimisiún a thabhairt chun críche agus tús a chur lena gcur chun feidhme ina dhiaidh sin.

3. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise agus ar allmhairí breosla iontaise a laghdú trí dhlús a chur le forbairt na bhfoinsí inathnuaite fuinnimh, agus trí fhoinsí agus bealaí soláthair gáis a éagsúlú trí idirnaisc a mhéadú le tíortha comharsanachta. Dlús a chur leis na hiarrachtaí chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú sa tionsclaíocht agus i stoc na bhfoirgneamh príobháideach agus poiblí. Réitigh inbhuanaithe nua a chur chun cinn i dtéamh ceantair láraithe.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*